An Coimisiún Eorpach



# CUARDAITHEOIRÍ POIST ÓGA

## Á dhéanamh níos fusa bogadh thart agus obair san Eoraip

**Do chéad phost EURES**

http://eures.europa.eu
http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob

EURES

*Eoraip shóisialta*

# CUARDAITHEOIRÍ POIST ÓGA

## An bhfuil...

- tú idir 18 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois?
- tú i do shaoránach nó cónaitheoir dlíthiúil de thír an AE?
- tú gan a bheith ábalta post nó deis oiliúna a fháil i do thír féin?
- tú sásta dul chun cónaí i dtír eile an AE, ar feadh sé mhí ar a laghad, le haghaidh poist, cúrsa oiliúna nó printíseachta?



An é TÁ freagra gach ceiste?

D'fhéadfadh **Do chéad phost EURES** freastal ar do chuid riachtanas!

Is scéim um shoghluaisteacht ghairmiúil de chuid an Aontais Eorpaigh é **Do chéad phost EURES**, a chabhraíonn le daoine óga post, cúrsa oiliúna nó printíseacht a fháil i dtír eile an AE agus a chabhraíonn le fostóirí teacht ar lucht saothair cháilithe. Tá sé mar chuspóir ag an scéim folúntais atá deacair a líonadh a mheaitseáil le cuardaitheoirí poist óga agus leo siúd a bhfuil cúrsaí oiliúna obairbhunaithe á lorg acu ar fud na hEorpa.

Is féidir tacaíocht airgeadais a fháil trí **Do chéad phost EURES** chun dul thar lear le hagallamh a dhéanamh, chun oiliúint a dhéanamh (m.sh. cúrsaí teanga), chun cáilíochtaí a aithint agus chun íoc as costais athlonnaithe.

# CUARDAITHEOIRÍ POIST ÓGA

KE-01-13-747-GA-N

## Cad iad na cáilíochtaí atá uaim?

Cáilíocht ar bith. Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil leibhéil dhifriúla oideachais agus/nó taithí oibre acu páirt a ghlacadh i Do chéad phost EURES.

## Conas a chuirtear iarratas isteach?

Chun an pointe teagmhála is gaire duit a aimsiú agus chun na coinníollacha rannpháirtíochta a fháil, gabh chuig an láithreán gréasáin:
http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob
agus lean na naisc ábhartha.

## Cá háit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

**Treoir maidir le "Do chéad phost EURES"**
http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob
**EURES, an Tairseach Eorpach um Shoghluaisteacht Ghairmiúil**
https://ec.europa.eu/eures
**Láithreán gréasáin "An Óige ag Bogadh"**
http://ec.europa.eu/youthonthemove

## Nasc linn ag

@EU_Social
https://www.facebook.com/socialeurope
http://www.flickr.com/photos/socialeurope/
http://www.youtube.com/user/europesocial/

Grianghraif chlúdaigh: © iStockphoto, Getty Images
Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

© An tAontas Eorpach, 2014
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil.

*Printed in Belgium*
Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán saor ó chlóirín eiliminteach (ECF)

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-34148-9 (print)
978-92-79-35629-2 (PDF)
doi:10.2767/21406 (print)
10.2767/69748 (PDF)

An Coimisiún Eorpach



# FOSTÓIRÍ

## Á dhéanamh níos fusa daoine óga a earcú san Eoraip

**Do chéad phost EURES**

**http://eures.europa.eu**
**http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob**

EURES

*Eoraip shóisialta*

# FOSTÓIRÍ

## An bhfuil…

- gnólacht agat atá bunaithe i dtír an Aontais Eorpaigh (AE)?
- tú ag iarraidh daoine óga a bhfuil próifíl áirithe acu a earcú ach níl tú ábalta teacht orthu i do thír féin?
- tú sásta oibrithe, daoine faoi oiliúint nó printísigh a earcú atá idir 18–30 bliain d'aois agus a thagann ó thíortha eile an AE?
- tú ábalta oiliúint sa phost agus tacaíocht eile a sholáthar do na hiarrthóirí a earcaíonn tú?



✓ An é TÁ freagra gach ceiste?

D'fhéadfadh **Do chéad phost EURES** freastal ar do chuid riachtanas!

Is scéim um shoghluaisteacht ghairmiúil é **Do chéad phost EURES**, arna maoiniú ag an AE, a chabhraíonn le fostóirí teacht ar oibrithe cáilithe agus a chabhraíonn le daoine óga de mhuintir na hEorpa post nó deis oiliúna obairbhunaithe a fháil i mBallstát eile. Tá sé mar chuspóir ag an scéim folúntais atá deacair a líonadh a mheaitseáil le hiarrthóirí óga spreagtha ar fud na hEorpa.

**Is féidir le gnólachtaí beaga agus meánmhéide (GBManna)** iarratas a chur isteach ar thacaíocht airgeadais chun íoc as cuid de na costais oiliúna agus chun cabhrú le fostaí, le duine faoi oiliúint nó le printíseach nua a chur ar a chompord.

# FOSTÓIRÍ

## Cad faoin luach saothair agus faoi na coinníollacha?

Ní mór d'fhostóirí tuarastal, slándáil shóisialta agus sochair eile a íoc de réir dlíthe náisiúnta saothair. Ní mór dóibh freisin conradh oibre scríofa a mhaireann sé mhí ar a laghad a sholáthar do na hiarrthóirí óga a earcaíonn siad.

## Conas is féidir liom bheith páirteach sa scéim?

Chun an pointe teagmhála is gaire duit a aimsiú agus chun na coinníollacha rannpháirtíochta a fháil, gabh chuig an láithreán gréasáin
http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob
agus lean na naisc ábhartha.

## Cá háit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

**Treoir maidir le "Do chéad phost EURES"**
http://ec.europa.eu/social/yourfirsteuresjob
**EURES, an Tairseach Eorpach um Shoghluaisteacht Ghairmiúil**
https://ec.europa.eu/eures
**Láithreán gréasáin "An Óige ag Bogadh"**
http://ec.europa.eu/youthonthemove

## Nasc linn ag

@EU_Social
https://www.facebook.com/socialeurope
http://www.flickr.com/photos/socialeurope/
http://www.youtube.com/user/europesocial/

